


NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Plean Straitéiseach **2012–2015**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Ábhair


01 Réamhrá 4

02 Comhthéacs 5

An Eagraíocht . . . . . . . . . . 5

An timpeallacht sheachtrach . . . . . . . . 5

An timpeallacht inmheánach . . . . . . . . 8

03 Pleanáil le haghaidh 2012–2015 9

Fís . . . . . . . . . . 9

Bunchuspóir . . . . . . . . . . 9

Spriocanna straitéiseacha . . . . . . . . 9

04 Na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach 11

05 Monatóireacht agus tuairisciú 26

# 01 Réamhrá

Ní thiocfaimid slán ná ní rachaimid chun cinn i ndomhan an lae inniu gan bheith in ann réitigh nua a fháil agus leas a bhaint as na forbairtí nua atá ag teacht ar an saol de shíor. Tá tionchar ag an teicneolaíocht ar gach a ndéanaimid agus tá an teicneolaíocht chéanna ag athrú ó lá go lá. Agus an plean straitéiseach deireanach á chumadh againn trí bliana ó shin níor smaoiníomar ar na meáin shóisialta a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le múinteoirí agus foghlaimeoirí. Ach inniu sin an tslí ina ndéantar formhór na cumarsáide sin. Iontas eile ná an 'mionríomhaire' i bhfoirm fón póca atá ar iompar ag formhór na ndaoine óga.

Is í an nuálaíocht inneall an domhain seo atá ag athrú an t-am ar fad agus ní mór taithí a bheith ag ár bhfoghlaimeoirí ar réitigh nua a cheapadh agus déileáil leis na hathruithe atá ag tarlú anois agus a leanfaidh ar feadh a saoil. Sa phlean seo tugtar tús áite don nuálaíocht, ag tosú le fís na Comhairle, *Ag treorú na nuálaíochta san oideachas ar mhaithe le maireachtáil, foghlaim agus dul i mbun oibre i ndomhan atá ag athrú*, agus ag leanúint ar aghaidh as sin go dtí na spriocanna straitéiseacha agus na torthaí. Pléimid na réitigh nuálacha atá ceaptha ag an gComhairle chun an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin atá roimhe mar eagraíocht i dtír atá ar an ngannchuid, agus ina theannta sin an tslí ina ndéanfaimid an nuálaíocht a threorú agus a chothú i gcúrsaí curaclaim, measúnachta agus foghlama i scoileanna agus i suíomhanna oideachais na hÉireann atá buailte leis na dúshláin airgeadais chéanna.


Is cosúil nach mbeidh éalú ó na dúshláin airgeadais sin go ceann i bhfad; ag an am céanna tá athruithe bunúsacha ag titim amach sa tsochaí i gcúrsaí oibre, teicneolaíochta, foghlama agus sa tslí ina mairimid. Chuige sin ceapadh plean a bheidh cruthaitheach agus réalaíoch agus é ag díriú ar na dúshláin a ghabhann le laghdú ar chistiú poiblí san earnáil oideachais agus a chinnteoidh go mbeidh ag foghlaimeoirí an cur chuige, an t-eolas agus na scileanna is gá chun déileáil le dúshláin an tsaoil inniu agus feasta, is cuma cad a bheidh rompu.

Chuir an Chomhairle a ghabh romhainn tús leis an bpróiseas pleanála straitéisí go luath sa bhliain 2012 trí athbhreithniú straitéiseach ar an eagraíocht a choimisiúnú. Dá thairbhe sin, bhí ar chumas na Comhairle reatha tosaíochtaí a cheapadh agus plean oibre a shocrú go ceann a tréimhse feidhme trí bliana. Ceapadh an Chomhairle reatha in Aibreán 2012 agus chuaigh sí i mbun oibre an mhí chéanna. Beidh deireadh lena tréimhse an 31 Márta, 2015.

Thaispeáin an t-athbhreithniú straitéiseach sin dúinn go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú mar is cóir, agus go raibh meas uirthi ag geallsealbhóirí. Ach fuaireamar amach, leis, nár mhór féachaint ar líon agus ar théarmaí tagartha na bhfochoistí éagsúla. Bhí siad ró-líonmhar, bhí cuid acu rómhór agus níor scoireadh iad luath go leor. Táimid tar éis athruithe a dhéanamh ar na struchtúir chun go mbeidh an eagraíocht níos éifeachtaí agus chun go mbeidh sé níos fusa ar eagraíochtaí eile dul i mbun oibre linn. Aidhm eile leis na hathruithe sin ná an próiseas forbartha curaclaim agus measúnachta a dhéanamh níos sofhreagraí agus níos trédhearcaí.

Chaitheamar ár ndúthracht ag ceapadh straitéise a bheadh cruthaitheach agus réalaíoch ach ar ndóigh ní mór di a bheith solúbtha ag an am céanna agus soláthar a dhéanamh d'athruithe eile le linn a tréimhse. Doiciméad beo é seo, mar sin, a d'fhéadfadh athrú de réir mar a thagann forbairtí eile chun cinn, agus de thoradh deiseanna nuálaíochta agus tosaíochtaí polaitiúla nua. Teastóidh dóthain acmhainní chun an plean a fheidhmiú, agus teastóidh acmhainní breise chun réimsí nua oibre, ar nós na bhforbairtí ar an tsraith shóisearach, a chur i gcrích.

Beifear ag brath ar shaineolas, ar dhúthracht agus ar dhílseacht fhoireann na Comhairle, bhaill ár mboird agus ár meithleacha forbartha chun an straitéis seo a chur i ngníomh. Gabhaim buíochas leo as rannchuidiú le hobair na Comhairle le linn thréimhse an phlean roimhe seo agus táim ag tnúth le dul i mbun oibre leo ar an bplean seo ag lorg bealaí nuálacha chun todhchaí gheal a chur ar fáil do na foghlaimeoirí uile inár scoileanna agus inár suíomhanna.



**Brigid McManus**
Chair

# 02
Comhthéacs

## An Eagraíocht

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (an Chomhairle) i mí na Samhna 1987 chun áit an Bhoird Curaclaim agus Scrúduithe a ghabháil. Athbhunaíodh í mar chomhlacht reachtúil i mí Iúil 2001.

Is é sainchúram na Comhairle reachtúla, mar a shainítear é san Acht Oideachais (1998), comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaobh nithe a bhaineann leis:

*...an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam. (41.1 a, b)*

Tá an Chomhairle freagrach as forbairt agus cinneadh na comhairle a thugann sí maidir le cúrsaí curaclaim agus measúnachta. Is struchtúr ionadaíoch í an Chomhairle, agus is é an tAire Oideachais agus Scileanna a ainmníonn baill na Comhairle. Cúig chomhalta is fiche san iomlán atá ar an gComhairle, agus go ceann téarma trí bliana is ea a cheaptar iad. Ionadaithe de chuid múinteoirí, bainisteoirí scoile, tuismitheoirí, gnólachtaí agus ceardchumainn, agus leasanna oideachais eile is ea na comhaltaí. I measc na gcomhaltaí eile tá ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón gCoimisiún um Scrúduithe Stáit, ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus Scileanna agus ainmní de chuid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. An tAire a cheapann an Cathaoirleach; is í Brigid McManus an cathaoirleach i láthair na huaire.

Tá foireann feidhmiúcháin lánaimseartha ag an gComhairle, faoi stiúir a Príomhfheidhmeannaigh, an Dr. Anne Looney. An Roinn Oideachais agus Scileanna a mhaoiníonn an CNCM i bhfoirm dheontais.

Ceapadh an Chomhairle reatha in Aibreán 2012 agus chuaigh sí i mbun oibre an mhí chéanna. Éagfaidh a téarma an 31 Márta 2015. Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo an obair a dhéanfaidh an Chomhairle sa tréimhse sin.

## An timpeallacht sheachtrach

Timpeallacht atá ag athrú go mór agus ina bhfuil dúshláin gheilleagracha nach bhfacthas riamh roimhe seo le sárú inti is ea an timpeallacht ina bhfuil an CNCM ag feidhmiú le cúig bliana anuas. Ceapadh Plean Straitéiseach na Comhairle 2009–2011 mar phlean do thréimhse éiginnteachta. Tá rian den éiginnteacht sin fós ann agus dúshláin ar leith a gcaithfear aird a thabhairt orthu. Ní mór don Chomhairle freagra a thabhairt anois ar fhorbairtí a tharla le deireanas agus ar fhorbairtí atá ag titim amach i láthair na huaire chun comhairle a chur ar an Aire i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnachta san oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile, comhairle a léireoidh riachtanais mhuintir na hÉireann agus a gcuirfear san áireamh inti na dúshláin ghéara atá le sárú ag an tsochaí agus ag teaghlaigh, daoine óga agus leanaí, go háirithe.

Achoimrítear thíos na príomhthosca a aithníodh san athbhreithniú straitéiseach agus an tionchar is dócha a bheidh acu ar an gComhairle.

### Tosaíochtaí náisiúnta

Le cois na hoibre atá ar bun ag an gComhairle le blianta beaga anuas, go háirithe obair ar oideachas luath-óige agus ar an tsraith shinsearach, aithníodh roinnt tosaíochtaí náisiúnta eile san oideachas a gcaithfear díriú orthu sna blianta amach romhainn - an straitéis litearthachta agus uimhearthachta, athchóiriú na sraithe sóisearaí agus an t-aistriú ón iar-bhunscoil go dtí an t-ardoideachas. Glactar leis go mbeidh ról ag an gComhairle, leis, i dtaca le forbairt an churaclaim oideachais reiligiúnaigh i Scoileanna Náisiúnta Pobail.

Teastóidh teagmháil leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile chun tacú leis na tosaíochtaí sin agus féachaint chuige go ndéanfar obair na Comhairle ó thaobh comhairle curaclaim agus measúnachta a sholáthar a ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta eile.

### Dúshláin is ea staid reatha an gheilleagair don earnáil phoiblí trí chéile

Tá éileamh mór ar airgeadas poiblí agus is amhlaidh a bheidh go ceann i bhfad, de réir dealraimh. Caithfear €8,604 milliún ar oideachas agus oiliúint sa bhliain 2012, arb ionann é agus €132 milliún de laghdú ar fhigiúr na bliana 2011. Déanfar laghduithe eile ar fud na hearnála sa bhliain 2013.

Eagraíocht reachtúil is ea an Chomhairle agus mar sin tá sí faoi réir shrianta na hearnála poiblí. De dheasca sriantachtaí ar bhuiséid agus laghduithe ar leithdháiltí a tugadh isteach faoin gCreat um Rialú Fostaíochta is lú acmhainní atá ag an gComhairle dá ghníomhaíochtaí agus is lú solúbthacht is féidir léi a chur i bhfeidhm, bíodh is gur tréith shainiúil de chuid na Comhairle í an tsolúbthacht. Ní mór di freagra a thabhairt leis, ar chaighdeáin nua agus ar ionchais nua maidir le rialachas agus ar riachtanais bhreise cuntasachta agus tuairiscithe.

Ar leibhéal ginearálta, tá tionchar ag na sriantachtaí ar chistiú earnála poiblí ar sholáthar an oideachais agus ar acmhainn an chórais. Cuireann sé sin brú breise ar an gcóras trí chéile, ar phoist múinteoirí, ar ualach oibre múinteoirí, ar oiliúint agus ar na seirbhísí oideachais trí chéile. Dúshlán is ea é an t-athchóiriú a choimeád faoin lán seoil sa chóras oideachais i bhfianaise na ndúshlán sin, ach ní mór na riachtanais sin a chur sa mheá leis an éileamh ar athchóiriú, éileamh atá níos práinní anois ná riamh.

Beidh ar an gComhairle a bheith cruthaitheach agus réalaíoch agus í ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a ghabhfaidh le laghdú ar chistiú poiblí don earnáil oideachais agus ar na himpleachtaí a bheidh aige sin d'athruithe ar an gcóras curaclaim agus measúnachta a fhorbairt agus a thabhairt isteach. Ní mór an chomhairle ar athchóiriú curaclaim agus measúnachta a chur ar fáil in éineacht le comhairle straitéiseach ar an tslí ar féidir le scoileanna agus suíomhanna oideachais eile na hathruithe beartaithe a chur i bhfeidhm.

### Tá athrú tagtha ar mheascán déimeagrafach na hÉireann, rud a dhéanann difríocht do riachtanais na tíre

Is mó méadú atá tagtha ar dhaonra na hÉireann agus tá an daonra sin níos éagsúla ná riamh le deich mbliana anuas, mar a fheictear ón daonáireamh is déanaí. Tá ráta breithe na hÉireann ar an ráta is airde san AE agus ar an ábhar sin agus de bharr an líon mór daoine atá tagtha ar imirce go dtí an tír seo tá an daonra tar éis méadú go mór. Beidh ar an gComhairle curaclam agus measúnú a fhorbairt ar son an daonra mhéadaithe seo. Ní hé amháin go bhfuil éagsúlacht bhreise sa daonra ó thaobh teangacha, noirm chultúrtha agus stíleanna cumarsáide de, ach tá ionchais dhifriúla ann i dtaca le múinteoirí agus leis an gcóras oideachais. D'fhéadfadh an daonra óg a bheith ar an acmhainn is tábhachtaí ag Éirinn chun an geilleagar a chur ar a bhonna arís. Ceann de na fáthanna a gcaithfear an córas a athchóiriú ná an brú chun a chinntiú go mbeidh na scileanna sin a dtugtar scileanna na 21ú haoise orthu ag an gcéad ghlúin eile agus ag na glúine ina dhiaidh sin.

### Tá forbairtí sa teicneolaíocht ag cruthú deiseanna don Chomhairle

A bhuíochas ar fhorbairtí sa teicneolaíocht tá deiseanna ag an gComhairle teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí, lena n-áirítear múinteoirí, ar shlite nua. Dearadh suíomh Gréasáin na Comhairle chun cabhrú le geallsealbhóirí teagmháil a dhéanamh léi agus múinteoirí agus cleachtóirí a mhealladh le bheith páirteach i bhforbairt an churaclaim agus na measúnachta. Bhí rath ar leith ar iarrachtaí ceannródaíocha na Comhairle leas a bhaint as na meáin shóisialta chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal trí chéile, agus tá úsáid níos mó á baint as na meáin sin an t-am ar fad.

Bunaithe ar an taithí sin beidh ar an gComhairle smaoineamh ar an athrú atá á dhéanamh ag an teicneolaíocht ar an tslí ina n-idirghníomhaíonn daoine óga le heolas agus ar an tslí ina lorgaíonn agus a fhaigheann múinteoirí

tacaíocht ghairmiúil. Tá ról suntasach ag an teicneolaíocht i dtaca le modhanna nuálacha measúnachta agus tuairiscithe a cheapadh agus beidh tionchar aige sin ar obair na Comhairle.

### Ionchais níos mó ag geallsealbhóirí

Tá díospóireachtaí poiblí mar gheall ar gach leibhéal de chóras oideachais na hÉireann – caighdeáin agus cáilíocht, go háirithe – níos coitianta anois ná riamh agus tá tuairimí níos láidre ag an bpobal ina dtaobh. Tá an ghéarchéim sa gheilleagar agus an fócas ar fheidhmiú an chórais oideachais i dtaca leis an todhchaí eacnamaíochta agus sóisialta a mhúnlú ag cur diminsin bhreise leis na díospóireachtaí sin agus á ngéarú. Tá tuismitheoirí níos eolaí mar gheall ar chúrsaí oideachais anois ná mar a bhí i nglúine roimhe seo. Tá foghlaimeoirí níos eolaí, leis, agus bíonn súil acu le bheith páirteach sa phlé mar gheall ar na cineálacha athraithe a dhéanfar ar an gcóras oideachais. Cuireann sé dúshlán faoin ghealltanas na Comhairle dul i gcomhairle a fhorleithne is féidir agus a cumas comhairle a thairiscint a bheidh bunaithe ar thuairim chomhthola guthanna práinneacha agus éagsúla a bheith páirteach sa díospóireacht oideachais. Lena chois sin, tá gach cosúlacht air go ndéanfar mionscrúdú níos géire ar chomhdhéanamh na Comhairle ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos tá daoine nach bhfuil ionadaíocht acu ar an gComhairle ag déanamh iarrachtaí níos tréine chun ballraíocht a fháil, agus ar an dara dul síos déanfaidh grúpaí éagsúla a mholann cineálacha cur chuige éagsúla monatóireacht níos géire ar chumas grúpa a oibríonn ar bhonn comhthola athrú éifeachtach lánbhríoch a chur ar fáil.

### Déanamh beartas agus an pobal i gcoitinne ag tabhairt airde níos mó ar fhianaise agus ar thaighde

Tá teacht ag cinnteoirí náisiúnta agus ag cinnteoirí áitiúla anois ar fhianaise taighde ó gach cearn den domhan. Teastaíonn ó gach duine a bheith cinnte, agus acmhainní chomh tearc is atá, go bhfaighfear na torthaí a bhfuil súil leo ar son na ngrúpaí is mó riachtanas de thoradh na gcinntí agus na n-infheistíochtaí a dhéanfar. Gné eile a chuireann le castacht an dúshláin seo ná nach bhfeictear toradh ar chinntí sa chóras oideachais go ceann na mblianta.

Le deich mbliana anuas bhain an Chomhairle leas as taighde agus as fianaise agus comhairle á ceapadh aici i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnachta agus rinne sí a dícheall a chinntiú go gcuirfí torthaí taighde a rinneadh agus a coimisiúnaíodh i gcúrsa a cuid oibre ar fáil go forleathan agus don oiread daoine ab fhéidir. Bhailigh an Chomhairle fianaise, leis, ar thionchar athruithe san athbhreithniú a rinneadh ar Churaclam na Bunscoile agus sa mheastóireacht a rinneadh ar Thionscadal Mata.

Ag éirí as an taithí sin, beidh ar an gComhairle leanúint dá gealltanas chun fianaise a ghiniúint, a úsáid agus a roinnt.

### Leas leanaí agus daoine óga

Tá imní ar an bpobal i gcoitinne faoin gcineál saoil atá ag leanaí i bhfianaise an luais atá faoi dhul chun cinn sa teicneolaíocht, tionchar na géarchéime geilleagraí agus údar imní ginearálta mar gheall ar shláinte fhisiceach agus meabhairshláinte leanaí agus daoine óga. Ba cheart go gcinnteodh an t-oideachas go mbeidh acu na buanna, an t-eolas agus na scileanna is gá chun déileáil le héiginnteacht an tsaoil, chun nósanna folláine coirp agus intinne a bheith acu agus chun caidreamh a dhéanamh le daoine agus an caidreamh sin a choimeád ag imeacht.

Tá impleachtaí ag mórchuid d'obair na Comhairle do shaol leanaí agus daoine óga. Dúshlán don Chomhairle is ea é i gcónaí na brúnna ar son torthaí níos inbhraite agus níos intomhaiste ar an scolaíocht a chothromú leis na gnéithe sin den oideachas is deacra a thomhas ach a bhfuil luach níos fadtéarmaí leo le haghaidh an duine aonair agus le haghaidh na sochaí.

# An timpeallacht inmheánach

## Eolas agus saineolas

Meastar gur eagraíocht sholúbtha í an Chomhairle atá tar éis déileáil go maith le dúshlán na n-acmhainní laghdaithe i dtréimhse an phlean straitéisigh dheiridh. Tá 50% nó geall leis de na 26 bhall foirne ar conradh nó ar iasacht don eagraíocht. Tugann sin solúbthacht don eagraíocht ionas gur féidir scileanna nua speisialtóra a úsáid chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach ar shlí a chinntíonn go mbeidh na réitigh a cheapfar ar son an oideachais in Éirinn a nuálaí is féidir. An míbhuntáiste leis sin ná gur féidir leis an tsolúbthacht bheith ina constaic nuair a bhíonn dianchosc ar earcaíocht. Is féidir le soghluaisteacht foirne bearnaí a chruthú san fhoireann agus féadfaidh sé tamall maith a thógáil chun na bearnaí sin a líonadh.

Léirigh obair a rinneadh ar phlean forbartha lucht saothair na Comhairle ar son na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil meánaois na foirne níos airde ná i gcodanna eile den státseirbhís. Tá 81% den fhoireann os cionn 40 bliain d'aois i gcomparáid le 70% ar an meán sa chuid eile den státseirbhís. Cúiteamh is ea é go bhfuil leibhéal cáilíochtaí níos airde ná an meán ag foireann na Comhairle. Tá 85% den fhoireann cáilithe ar Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus tá cáilíocht Leibhéal 9 nó 10 ag 75% den fhoireann theicniúil. I dtréimhse an phlean straitéisigh seo beidh baill foirne áirithe ag ullmhú le dul ar scor, agus níor mhór iarracht a dhéanamh an chuimhne chorparáideach agus scileanna áirithe a chosaint.

Tá an eagraíocht ag tabhairt aghaidhe ar dhúshláin a bhaineann leis an gComhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus leis an gCreat um Rialú Fostaíochta agus gan amhras beidh dúshláin eile le sárú i dtréimhse na straitéise. Tacaíonn an eagraíocht lena foireann trí bhainistíocht feidhmíochta agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Comhdhéanamh agus struchtúir

Tá freagra tugtha cheana féin ag an gComhairle ar cheist a tarraingíodh anuas san athbhreithniú straitéiseach i dtaobh líon agus ballraíocht na gcoistí. Níor ationóladh ach ocht gcinn de choistí ag tús théarma na Comhairle agus socraíodh gan seasca coiste a ationóil. Níor ationóladh ach na coistí sin a raibh obair churaclaim agus measúnachta le cur i gcrích acu. Socraíodh, leis, athbhreithniú a dhéanamh ar chomhdhéanamh na gcoistí agus na struchtúr eile le cinntiú go raibh siad oiriúnach don fheidhm. Agus an plean straitéiseach á tabhairt chun críche, tá socruithe ceaptha do na struchtúir nua lena n-áirítear an Chomhairle, Bord le haghaidh an Luathoideachais, na Bunscolaíochta, na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí mar aon le meithleacha forbartha.

## Suíomh

Mar bheartas sábhála airgid, géillfidh an CNCM a léas ar a fhoirgneamh ceannárais ag 24 Cearnóg Mhuirfean sa bhliain 2013. Tá cainteanna ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí chun áitreabh eile a fháil d'oifig Bhaile Átha Cliath agus d'oifig Phort Laoise araon. Tá tús curtha cheana féin leis na pleananna chun an oifig a aistriú ach is dócha go gcuirfidh an t-aistriú isteach ar sceidil oibre agus go n-éileoidh sé am foirne.

## Rialachas corparáideach

Cloíonn an Chomhairle leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus tá Creat Rialachais Chorparáidigh ceaptha aici mar threoir don Chomhairle agus dá feidhmeannas. Tá Clár Rioscaí curtha i dtoll a chéile chun rioscaí féideartha a aithint, a mheas agus a bhainistiú agus déanfar é a chothabháil feasta. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Comhairle maoirsiú ar an anailís ar rioscaí agus ar na pleananna iniúchta inmheánaigh.

# 03 Pleanáil le haghaidh 2012–2015

## Fís

Treoir a sholáthar d'fhorbairtí nuálacha san oideachas ar mhaithe le maireachtáil, foghlaim agus dul i mbun oibre i ndomhan atá ag athrú.

## Bunchuspóir

Is é bunchuspóir na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta:

- comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnachta san oideachas luath-óige anonn go dtí deireadh an dara leibhéil.
- dul i bpáirt le foghlaimeoirí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí agus grúpaí/daoine eile chun tacú le nuáil sna scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile
- taighde a dhéanamh, a úsáid agus a roinnt mar bhonn le comhairle agus plé ar chúrsaí oideachais.

## Spriocanna straitéiseacha

### 1. Forbairt an churaclaim agus na measúnachta

*Cineálacha cur chuige nuálacha a cheapadh i leith cúrsaí curaclaim agus measúnachta ar mhaithe le rannpháirtíocht, forchéimniú, cáilíocht, cuimsitheacht agus leanúnachas idir na hearnálacha ar fad.*

### 2. Comhpháirteachas agus líonraí ar mhaithe le nuáil

*Dul i mbun oibre le scoileanna, le múinteoirí, le cleachtóirí agus le foghlaimeoirí chun an cumas chun athrú a neartú agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an churaclaim agus na measúnachta agus faoina feidhmiú.*

### 3. Eolas agus taighde

*Eolas agus taighde a ghiniúint, a úsáid agus a roinnt ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnachta i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile.*

### 4. Caidreamh straitéiseach


*Tógáil ar an gcaidreamh straitéiseach atá ann cheana agus caidreamh nua a fhorbairt chun tacú le forbairt agus feidhmiú curaclaim agus measúnachta agus chun naisc a chothú idir ghnéithe de.*

### 5. Próifíl agus cumarsáid

*Obair agus spriocanna atá bainte amach ag an gComhairle a chur in iúl, a chur i láthair agus a roinnt chun feabhas a chur ar phróifíl na heagraíochta agus chun rannpháirtíocht ina cuid oibre a chothú.*

### 6. Éifeacht agus rialachas na heagraíochta

*Struchtúir, próisis, scileanna agus inniúlachtaí rialachais agus eagraíochtúla na Comhairle a fhorbairt, chun an fhís a bhaint amach ar shlite nuálacha.*



# 04
# Na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach

# 1.0 Forbairt an churaclaim agus na measúnachta

Dul i mbun oibre le scoileanna, le múinteoirí, le cleachtóirí agus le foghlaimeoirí chun an cumas chun athrú a neartú agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an churaclaim agus na measúnachta agus faoina feidhmiú.

Léireoidh na torthaí pleanáilte seo a leanas go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn:

## 1.1

Tá cineálacha nua cur chuige i leith na measúnachta agus córais athraithe tuairiscithe á dtabhairt isteach sna scoileanna agus i suíomhanna eile.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| déanfar uirlis ar líne a fhorbairt chun tacú le bunscoileanna le gur féidir leo cárta tuairisce a chruthú chun aiseolas ar dhul chun cinn a leanaí a thabhairt dá dtuismitheoirí. | faoi **2014** |
| baileofar aiseolas ar na riachtanais tuairiscithe atá ag grúpaí ar leith foghlaimeoirí agus ag tuismitheoirí ionas gur féidir uirlis ar líne a fhorbairt | faoi **2014** |
| déanfar acmhainní tuairiscithe ar líne a nuashonrú | faoi **2014** |
| rachfar i mbun oibre le comhpháirtithe agus le suíomhanna réamhscoile chun tacú leis an bpróiseas trína ndéanfar forbairt leanaí sna bunscoileanna a dhoiciméadú | faoi **2014** |
| déanfar sonraíochtaí nua measúnaithe a thabhairt isteach don Bhéarla sa tSraith Shóisearach agus do na hocht ngearrchúrsa. | faoi **2014** |
| déanfar Uirlisí Úsáide Measúnaithe ar líne a fhorbairt do mhúinteoirí agus do scoileanna. | faoi **2014** |
| déanfar córas nua a cheapadh le gur féidir tuairisciú le tuismitheoirí daltaí na sraithe sóisearaí. | leanúnach |

## 1.2

Tá cleachtas curtha ar bun chun samplaí d'obair daltaí a ghiniúint i sonraíochtaí curaclaim agus measúnachta agus moltóireacht a dhéanamh orthu mar léiriú ar a bhfuiltear ag súil leis ó fhoghlaimeoirí.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| bainfear úsáid as torthaí foghlama mar bhonn chun samplaí d'obair daltaí i mBéarla agus i nGaeilge a chatagóiriú chun dul chun cinn sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht agus in obair ó bhéal ó rang na naíonán beag anonn go dtí rang a dó a léiriú. | faoi **2014** |
| déanfar samplaí d'obair daltaí a ghiniúint a léireodh a bhfuiltear ag súil leis ó fhoghlaimeoirí sna sonraíochtaí nua Béarla, staidéar gnó, Gaeilge agus eolaíochta ag an tSraith Shóisearach i gcomhar leis an Roinn, le Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus le líonraí scoile. | **2014** leanúnach |

## 1.3

Tá *An Creat don tSraith Shóisearach* nua in úsáid sna hiar-bhunscoileanna mar bhonn le hathruithe sa tsraith shóisearach a phleanáil agus a thabhairt isteach.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| déanfar *Creat don tSraith Shóisearach* agus doiciméid tacaíochta a fhoilsiú | **2012** leanúnach |
| déanfar meithleacha forbartha ábhair a bhunú agus sainorduithe agus tréimhsí soiléire a thabhairt dóibh agus a chinntiú go dtacaítear leo ina gcuid oibre | **2012** leanúnach |
| ceapfar sonraíochtaí nua curaclaim ar líne le haghaidh na n-ábhar seo a leanas ag an tSraith Shóisearach: Béarla, staidéar gnó, Gaeilge agus an eolaíocht, agus le haghaidh na n-ocht ngearrchúrsa. | faoi **2013/14** |
| déanfar uirlisí úsáide ar líne le haghaidh Chláir Foghlama Leibhéal 2 a fhoilsiú, a thástáil agus a cheartú. | faoi **2013** |
| bunófar suíomh Gréasáin don tsraith shóisearach a chuirfidh eolas agus tacaíocht ar fáil do scoileanna i dtaca le forbairt na sraithe sóisearaí. | faoi **2012** |

## 1.4

Tá úsáid níos mó ná riamh á baint as *Aistear* san earnáil luath-óige.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| déanfar Uirlisí Úsáide ar líne *Aistear* a leathnú chun na nithe seo a leanas a chur ar áireamh iontu: acmhainní ar idirghníomhaíochtaí den scoth, foghlaim trí mheán an tsúgartha, fianaise ar fhoghlaim a dhoiciméadú agus a roinnt, teanga ó bhéal agus litearthacht, an mhatamaitic agus pleanáil. | leanúnach |

# 1.0

## Forbairt an churaclaim agus na measúnachta

Dul i mbun oibre le scoileanna, le múinteoirí, le cleachtóirí agus le foghlaimeoirí chun an cumas chun athrú a neartú agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an churaclaim agus na measúnachta agus faoina feidhmiú.

Léireoidh na torthaí pleanáilte seo a leanas go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn:

### 1.5

Tá curaclam nua teanga ceaptha don Bhéarla agus don Ghaeilge do ranganna na naíonán beag anonn go rang a dó agus tá curaclam teanga do dhaltaí idir rang a trí agus rang a sé á cheapadh i láthair na huaire.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| déanfar iniúchadh ar na cuspóirí don Bhéarla, don Ghaeilge agus don drámaíocht i gCuraclam 1999 agus in *Aistear* (2009). | faoi **2012** |
| déanfar sonraíocht a cheapadh don churaclam teanga bhunscoile ó rang na naíonán beag anonn go dtí rang a dó, ar aon dul leis an tsonraíocht don Bhéarla agus don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach. | faoi **2012** |
| déanfar uirlisí úsáide teanga a cheapadh don churaclam teanga bhunscoile. | faoi **2014** |

### 1.6

Déantar athbhreithniú ar eilimintí de churaclam na bunscoile chun go dtabharfaidís léiriú ar fhorbairtí in eolas agus i dtaighde agus chun a bheith níos comhleanúnaí le *Aistear* agus le forbairtí ar an tsraith shóisearach.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| déanfar foramharc a fhorbairt ar fhorbairtí churaclam na bunscoile. | faoi **2013** |
| cuirfear tús le forbairt na dtorthaí foghlama do churaclam na matamaitice le haghaidh ranganna na naíonán beag anonn go dtí rang a dó. | faoi **2014** |
| tosófar ar acmhainní a fhorbairt chun tacú le comhtháthú curaclaim agus smaointeoireacht ardoird sa mhatamaitic agus san eolaíocht. | faoi **2014** |

## 1.7

Tá an t-athchóiriú curaclaim agus measúnachta ag an tsraith shóisearach fós ar siúl agus tá sonraíochtaí nua curaclaim agus measúnachta tugtha chun críche.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| déanfar sonraíochtaí curaclaim agus tograí measúnachta a chríochnú le haghaidh na dtrí ábhar eolaíochta Ardteistiméireachta - an bhitheolaíocht, an cheimic agus an fhisic. | faoi **2013** |
| tabharfar sonraíochtaí curaclaim agus tograí measúnachta don chorpoideachas chun críche. | faoi **2013** |
| críochnófar na sonraíochtaí curaclaim agus na tograí measúnachta do na teangacha seo a leanas: an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis, an Spáinnis. | faoi **2014** |
| déanfar athbhreithniú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta tar éis na socruithe nua measúnaithe ar an teanga ó bhéal a bheith tugtha isteach sa bhliain 2012. | faoi **2014** |
| cuirfear tacaíocht ar fáil do raon níos leithne d'inniúlachtaí cineálacha i bhforbairtí curaclaim agus measúnachta sa tsraith shinsearach agus déanfar measúnú orthu. | faoi **2014** |
| ullmhófar sceideal le haghaidh ábhar Ardteistiméireachta a sholáthróidh leanúnachas agus forchéimniú ó na socruithe nua don tsraith shóisearach. | faoi **2013** |
| rachfar i mbun oibre le Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun taighde a dhéanamh ar na roghanna don chóras grádaithe a úsáidtear d'ábhair na hArdteistiméireachta. | faoi **2012** |
| rachfar i mbun oibre le Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun tograí a fhorbairt a rachaidh i ngleic le fadhb ar bith a thiocfadh chun suntais i scrúduithe na hArdteistiméireachta. | faoi **2013** |

## 1.8

Tá sonraíochtaí curaclaim don mhatamaitic tugtha chun críche agus déanfar measúnú ar a dtabhairt isteach mar chuid de Thionscadal Mata.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| críochnófar sonraíochtaí curaclaim don mhatamaitic ag leibhéil na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh araon | faoi **2013** |
| críochnófar sonraíochtaí curaclaim don mhatamaitic fheidhmeach ar leibhéal na hArdteistiméireachta. | faoi **2014** |
| déanfar aon athbhreithniú nó obair forbartha a d'éireodh as an measúnú ar Thionscadal Mata. | leanúnach |

# 2.0

## Comhpháirteachas agus líonraí ar mhaithe le nuáil

Dul i mbun oibre le scoileanna, le cleachtóirí agus le foghlaimeoirí chun an cumas chun athrú a neartú agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an churaclaim agus na measúnachtaagus faoina feidhmiú.

Léireoidh na torthaí pleanáilte seo a leanas go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn:

### 2.1

Tá líonraí scoile na Comhairle ag giniúint smaointe agus ábhar chun tacú lena gcumas féin agus cumas scoileanna eile i bhforbairt curaclaim agus measúnachta agus ó thaobh tacú le hathrú.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| tacófar le roinnt líonraí scoile agus suíomhanna luath-óige chun samplaí a bhailiú den tslí ar féidir *Aistear* a úsáid chun tacú le forbairt agus foghlaim leanaí. | faoi **2014** |
| rachfar i mbun oibre le líonraí nua de chuid na Comhairle agus le líonraí dá cuid a bhí ann cheana chun aiseolas a bhailiú mar gheall ar eilimintí de shonraíocht churaclam teanga na bunscoile. | faoi **2014** |
| déanfar líonra scoileanna atá bainteach le nuáil agus forbairt na sraithe sóisearaí a bhunú chun samplaí de chleachtas a scaipeadh agus dul i gcomhairle ar athrú. | leanúnach |
| bunófar líonra ar líne le haghaidh na n-iar-bhunscoileanna ar fad mar phointe tagartha agus eolais maidir le forbairt na sraithe sóisearaí. | faoi **2013** |
| leanfar d'obair líonra na scoileanna Thionscadal Mata maidir le samplaí de theagasc agus d'fhoghlaim na matamaitice a ghiniúint. Déanfar an obair seo a leathnú i réimse na matamaitice Bonnleibhéal. | faoi **2015** |

## 2.2

Tá an Chomhairle ag tacú le hobair líonraí comhpháirtíochta atá bainteach le forbairt curaclaim agus measúnachta agus le tacaíocht a sholáthar don mhúineadh agus don fhoghlaim.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| leanfar den obair le Teagascóirí *Aistear* agus leis na hionaid oideachais chun múinteoirí naíonán a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar phrionsabail agus ar mhodheolaíochtaí *Aistear* i seomraí ranga bunscoile agus na prionsabail agus na modheolaíochtaí sin a thabhairt isteach. | faoi **2014** |
| leanfar den obair le Early Childhood Ireland agus rachfar i mbun oibre le heagraíochtaí eile chun tacú le cleachtóirí a bhfuil *Aistear* in úsáid acu. | faoi **2014** |
| rachfar i mbun oibre le líonraí comhpháirtíochta chun samplaí a bhailiú d'obair leanaí ar leibhéil dhifriúla forchéimnithe i bhforbairt teanga sa bhunscoil. | faoi **2014** |
| rachfar i mbun oibre le líonraí comhpháirtíochta chun acmhainní a fhorbairt d'Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile. | faoi **2014** |
| tacófar le forbairt agus le gníomhaíochtaí líonraí comhpháirtíochta a d'eagraigh eagraíochtaí eile chun eolas a scaipeadh mar gheall ar athrú ar an tsraith shóisearach agus pleanáil lena aghaidh. | leanúnach |

## 2.3

Tá struchtúir agus tacaíochtaí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear guth agus taithí foghlaimeoirí ar áireamh i bplé na Comhairle.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| tacófar le scoileanna líonra chun próisis chomhairliúcháin a fhorbairt lena gcuid daltaí. | faoi **2013** |
| féachfar ar shlite le foghlaimeoirí a mhealladh le bheith páirteach sa phlé mar gheall ar fhorbairt churaclaim agus measúnachta ar shlí a bheidh lánbhríoch dóibh. | faoi **2013** |
| ceapfar fóram meán sóisialta faoi threoir daltaí i dtaobh forbairtí curaclaim agus measúnachta. | faoi **2013** |

# 3.0

## Eolas agus taighde

Eolas agus taighde a ghiniúint, a úsáid agus a roinnt ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnachta i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile

Léireoidh na torthaí pleanáilte seo a leanas go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn:

### 3.1

Bíonn forbairtí curaclaim agus measúnachta bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| foilseofar tuarascálacha eatramhacha agus tuarascálacha deireanacha ar thaighde a rinne an NFER ar Thionscadal Mata. | faoi **2012** agus **2014** |
| déanfar anailís chomparáideach ar na sonraíochtaí curaclaim leasaithe do Mhatamaitic na hArdteistiméireachta le hais na gcuraclam comhfhreagrach i dtíortha roghnaithe. | faoi **2013** |
| bainfear úsáid as sonraí ó TIMSS chun foramharc a ghiniúint ar an mbeartas agus ar an gcuraclam idirnáisiúnta matamaitice do leanaí 3-12 bhliain. | faoi **2013** |
| déanfar athbhreithniú ar an taighde ar mhatamaitic in oideachas luath-óige agus in oideachas bunscoile (3-8 mbliana) | faoi **2013** |
| déanfar athbhreithniú ar an taighde ar theanga ó bhéal agus ar litearthacht leanaí idir 9 agus 12 bhliain. | faoi **2014** |
| déanfar taighde ar thionchar na n-athruithe ar an Scrúdú Béil Gaeilge san Ardteistiméireacht a scrúdaíodh den chéad uair sa bhliain 2012. | faoi **2013** |
| tacófar le taighde an ESRI (Leaving School in Ireland) ar thaithí daoine óga ar fhágáil na scoile. | faoi **2013** |
| déanfar athbhreithniú ar bheartas agus ar chleachtas idirnáisiúnta maidir le tacú leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. | faoi **2013** |
| déanfar iniúchadh ar chleachtas na hÉireann i dtaca le heolas a roinnt idir réamhscoileanna agus bunscoileanna mar gheall ar fhoghlaim agus forbairt leanaí. | faoi **2013** |
| déanfar athbhreithniú ar na céimeanna in oideachas leanaí (3-12 bhliain) a thabhairt chun críche, athbhreithniú ina luafar sainghnéithe gach céime agus ina n-aithneofar an difríocht idir foghlaim agus forbairt sa chéad chéim agus i gcéimeanna dá éis. | faoi **2013** |
| déanfar snáithe meastacháin a chur ar bun agus a fheidhmiú maidir le forbairtí sa tsraith shóisearach. | faoi **2013** |
| féachfar chuige go mbíonn teacht ag boird uileghabhálacha agus meithleacha forbartha ar fhianaise ó thaighde agus ó líonraí scoileanna agus líonraí suíomhanna | leanúnach |

## 3.2

Tá teacht ag múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí, foghlaimeoirí agus daoine eile ar thorthaí taighde agus ar shamplaí cleachtais ó scoileanna agus ó shuíomhanna.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| foilseofar torthaí taighde i bhfoirm inrochtana. | leanúnach |
| leathnófar svuít na n-acmhainní ina n-aibhsítear teachtaireachtaí tábhachtacha ó na tuarascálacha teanga a foilsíodh i mBealtaine 2012 chun go mbeidh siad mar bhonn eolais faoin gcuraclam nua teanga. | leanúnach |
| déanfar acmhainní nua a fhorbairt ina roinnfear teachtaireachtaí tábhachtacha i dtaobh an oideachais luath-óige ó thuarascálacha a foilsíodh sa bhliain 2012 agus ó na tuarascálacha matamaitice a fhoilseofar sa bhliain 2013. | leanúnach |
| tá torthaí taighde, eolas agus samplaí de chleachtas a fuarthas ó líonra sraithe sóisearaí na Comhairle á roinnt ag scoileanna aonair agus ag líonraí eile. | leanúnach |

## 3.3

Tá an Chomhairle ag rannchuidiú agus ag tacú le fócas a mhéadú ar úsáid na fianaise i gcinnteoireacht agus i gcúrsaí measúnaithe i gcoitinne, agus i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| déanfar forbairt ar an gcaidreamh le heagraíochtaí eile chun taighde agus fianaise cleachtóirí a roinnt ar bhonn níos leithne. | leanúnach |
| cinnteofar go mbeidh teacht ag gach grúpa de chuid na Comhairle ar an taighde agus ar an bhfianaise cleachtóra ábhartha. | leanúnach |

## 3.4

Déanann foireann na Comhairle taighde agus eolas nua a roinnt agus a iniúchadh mar chuid dhílis dá gcúraimí.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| cuirfear deiseanna ar fáil le gur féidir le foireann na Comhairle taighde agus fianaise ó líonraí scoileanna agus ó líonraí suíomhanna a phlé, le béim ar leith ar naisc tras-earnála. | leanúnach |
| bainfear úsáid as an spás nua néalríomhaireachta ar mhaithe le heolas a roinnt agus ar mhaithe le comhoibriú. | leanúnach |
| tabharfar cuireadh do thaighdeoirí agus do shaineolaithe seachtracha chun réimsí taighde agus saineolais a chur i láthair agus a phlé le foireann na Comhairle. | leanúnach |
| tabharfar deiseanna don fhoireann páipéir chomhdhálacha a scríobh agus a chur i láthair ar thorthaí taighde agus dul i mbun oibre le scoileanna agus le suíomhanna eile. | leanúnach |

# 4.0 Caidreamh straitéiseach

Tógáil ar an gcaidreamh straitéiseach atá ann cheana agus caidreamh nua a fhorbairt chun tacú le forbairt agus feidhmiú curaclaim agus measúnachta agus chun naisc a chothú idir ghnéithe de.

Léireoidh na torthaí pleanáilte seo a leanas go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn:

## 4.1

Tá caidreamh comhoibritheach le roinnt eagraíochtaí eile ag cur leis an tuiscint ar fhorbairt agus ar fheidhmiú curaclaim agus measúnachta agus lena gcaighdeán.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| féachfar chuige go dtacófar le baill na Comhairle, le boird uileghabhálacha agus le meithleacha forbartha agus iad i mbun cumarsáide lena gcuid eagraíochtaí. | leanúnach |
| rachfar i mbun oibre leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le pleanáil agus straitéis feidhmiúcháin i dtaca le forbairtí ag an tsraith shóisearach. | leanúnach |
| bunófar buanchoiste leis an Údarás um Ardoideachas chun an t-aistriú ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal a dhéanamh níos fusa. | **2012** agus as sin amach |
| rachfar i mbun oibre le Coimisiún na Scrúduithe Stáit féachaint céard iad na cineálacha cur chuige is mó a d'oirfeadh do na socruithe nua measúnaithe. | leanúnach |
| rachfar i mbun oibre leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le himpleachtaí na n-athruithe curaclaim agus measúnachta do cháilíochtaí, d'oiliúint agus d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí. | faoi **2013** |
| rachfar i mbun oibre leis an Aonad um Beartas don Oideachas Luath-Óige chun tacú leis an earnáil luath-óige maidir le h*Aistear* a úsáid chun cleachtas agus torthaí do leanaí a fheabhsú. | leanúnach |
| rachfar i mbun oibre le heagraíochtaí tacaíochta do mhúinteoirí chun tacú le múinteoirí agus na forbairtí nua curaclaim agus measúnachta á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm acu. | leanúnach |

## 4.2

Tá an fhoireann agus mic léinn ar chúrsaí luath-óige agus in oideachas tosaigh do mhúinteoirí ar an eolas faoi obair na Comhairle, agus tá deiseanna acu rannchuidiú leis an obair sin.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| rachfar i mbun oibre leis an bhfoireann in oideachas tosaigh do mhúinteoirí agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí, agus leo siúd atá bainteach le cúrsaí in oideachas luath-óige a reáchtáil, i dtaobh forbairtí curaclaim agus measúnachta agus lorgófar aiseolas ar na príomhfhorbairtí. | leanúnach |
| rannchuideofar chun modúl curaclaim breisoideachais a fhorbairt i gcomhar leis na heagraíochtaí ábhartha, chun tacú le hobair cleachtóirí le *Aistear*. | faoi **2014** |

## 4.3

Thacaigh comhar idir an Chomhairle agus an CCEA le forbairtí curaclaim agus measúnachta ó thuaidh agus ó theas den teorainn.

### To achieve this we will

| | |
|---|---|
| rachfar i mbun oibre leis an CCEA, ar a athbhunú, chun réimsí comhleasa a aithint. | faoi **2013** |

# 5.0 Próifíl agus cumarsáid

Obair agus spriocanna atá bainte amach ag an gComhairle a chur in iúl, a chur i láthair agus a roinnt chun feabhas a chur ar phróifíl na heagraíochta agus chun rannpháirtíocht ina cuid oibre a chothú.

Léireoidh na torthaí pleanáilte seo a leanas go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn:

## 5.1

Mar thoradh ar straitéis éifeachtach sna meáin tá teachtaireachtaí tábhachtacha ar athchóiriú á roinnt go forleathan agus comhairle eolasach tráthúil a bhíonn sna freagraí.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| bainfear úsáid as meáin éagsúla chun teachtaireachtaí tábhachtacha a scaipeadh ar na scoileanna agus ar an bpobal i gcoitinne. | leanúnach |
| bainfear úsáid as na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí tábhachtacha a scaipeadh agus chun teagmháil a dhéanamh le múinteoirí, le cleachtóirí, le foghlaimeoirí agus le daoine nach iad. | leanúnach |
| déanfar cumarsáid éifeachtach a bhunú agus a fheidhmiú mar gheall ar an tsraith shóisearach, mar gheall ar fhorbairtí teanga bhunscoile agus mar gheall ar *Aistear*. | **2012** agus as sin amach |

## 5.2

Tá cineál nua sonraíochta curaclaim agus measúnachta ar líne tugtha isteach le haghaidh forbairtí bunscoile agus iar-bhunscoile.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| déanfar sonraíochtaí nua curaclaim a fhorbairt le haghaidh churaclam teanga na bunscoile, le haghaidh Béarla, staidéar gnó, Gaeilge agus eolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus le haghaidh na n-ocht ngearrchúrsa. | faoi **2013** |

## 5.3

Tá suíomhanna Gréasáin na Comhairle daingnithe agus athraithe chun feabhais mar fhreagairt ar aiseolas ó chustaiméirí, ar staitisticí i dtaobh úsáid an Ghréasáin agus ar fhorbairtí ar líne agus sna meáin shóisialta.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| déanfar caighdeán chumarsáid na Comhairle ar an nGréasán a mheasúnú le cabhair ó aiseolas ó chustaiméirí, staitisticí i dtaobh úsáid shuíomhanna Gréasáin na Comhairle, agus forbairtí ar líne agus sna meáin shóisialta. | leanúnach |
| déanfar ár suíomhanna Gréasáin a fhorbairt agus a dhaingniú chun riachtanais reatha agus riachtanais todhchaí na Comhairle, agus riachtanais an phobail oideachais agus an phobail trí chéile, a chomhlíonadh. | leanúnach |

## 5.4

Déantar obair na Comhairle ar chúrsaí curaclaim agus measúnachta agus ar chleachtas sna scoileanna a roinnt le grúpaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| beidh láithreacht ag an gComhairle ag imeachtaí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus déanfar obair na Comhairle a thaispeáint ar shlí straitéiseach ag comhdhálacha agus ag seimineáir. | leanúnach |
| beimid rannpháirteach i KeyCoNet, an líonra Eorpach ar phríomhinniúlachtaí, agus rannchuideoimid leis. | **2013–14** |

# 6.0

## Éifeacht agus rialachas eagraíochtúil

Struchtúir, próisis, scileanna agus inniúlachtaí rialachais agus eagraíochtúla na Comhairle a fhorbairt, chun an fhís a bhaint amach ar shlite nuálacha.

Léireoidh na torthaí pleanáilte seo a leanas go bhfuil an sprioc seo bainte amach againn:

### 6.1

Tá struchtúir agus próisis eagraíochtúla ag tacú le forbairt nuálach curaclaim agus measúnachta agus le cleachtais chomhoibritheacha oibre.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| déanfar struchtúir coistí agus meithleacha oibre a athbhreithniú chun go mbeidh siad níos oiriúnaí don obair atá ar bun acu. | faoi **2012** |
| spreagfar comhoibriú i measc foirne agus i measc ball struchtúir eile chun leanúnachas idir earnálacha agus leanúnachas an tsreafa oibre a fheabhsú. | faoi **2013** |
| rachfar i mbun dlúthchaidrimh le hOifig na nOibreacha Poiblí chun suíomhanna eile a shocrú d'oifigí na Comhairle i mBaile Átha Cliath agus i Lár na Tíre agus chun na hoifigí a fheistiú ar shlí a oirfidh do na spriocanna eagraíochtúla atá le baint amach. | faoi **2013** |
| críochnófar an t-aistriú chuig oifigí nua len a laghad cur isteach is féidir ar an obair. | faoi **2013** |
| críochnófar an t-aistriú go néalríomhaireacht. | faoi **2013** |

### 6.2

Tá eolas agus inniúlachtaí forbartha ag foireann na Comhairle faoi mar is gá chun comhairle nuálach curaclaim agus measúnachta a fhorbairt agus chun tacú lena tabhairt isteach sna scoileanna.

**Seo mar a dhéanfaimid**

| | |
|---|---|
| leanfar d'fhorbairt ghairmiúil a chur ar fáil a bhaineann le hinniúlachtaí a aithníodh sa phróiseas bainistíochta feidhmíochta. | leanúnach |
| tacófar leis an bhfoireann agus misneofar iad chun a gcuid eolais agus inniúlachtaí a fhorbairt trí staidéar ardoideachais agus taighde. | leanúnach |

## 6.3

Tá cultúr láidir feidhmíochta le sonrú ar fud na heagraíochta.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| cuirfear córas leasaithe bainistíochta agus forbartha feidhmíochta na Státseirbhíse i bhfeidhm | faoi **2012** |
| ullmhófar plean lucht saothair mar thaca le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus mar bhonn eolais faoi straitéis acmhainní daonna na Comhairle. | faoi **2013** |

## 6.4

Tá córas urrúnta bainistíocht airgeadais agus tuairiscithe i bhfeidhm le béim láidir ar luach ar airgead.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| beidh na caighdeáin ábhartha chuntasaíochta ar an gcaighdeán is airde ar aon dul le treoirlínte rialtais. | leanúnach |
| déanfar gach doiciméad is gá a sholáthar le haghaidh iniúchadh seachtrach agus inmheánach. | leanúnach |

## 6.5

Comhlíontar go hiomlán riachtanais an rialtais i dtaca le rialachas comhlachtaí stáit.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| tacófar le hobair an choiste iniúchóireachta agus déanfar clár oibre le haghaidh iniúchadh inmheánach a fhorbairt agus a fheidhmiú. | leanúnach |
| comhlíonfar gach riachtanas tuairiscithe de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. | leanúnach |
| cloífear le treoirlínte maidir le soláthar poiblí. | leanúnach |
| déanfar clárleabhar rioscaí a chothabháil agus a nuashonrú. | **2012** agus as sin amach |

## 6.6

Déantar caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt agus a fheabhsú.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| déanfar an chairt seirbhíse do chustaiméirí a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta agus cuirfear feabhas ar sheachadadh seirbhísí. | faoi **2013** |

## 6.7

Chomhlíon an Chomhairle gach comhaontú agus plean forbartha ábhartha seirbhíse poiblí.

### Seo mar a dhéanfaimid

| | |
|---|---|
| comhlíonfar sprioc atá sonraithe sa Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). | faoi **2014** |
| cloífear lenár gcreat um rialú fostaíochta. | leanúnach |

# 05 Monatóireacht agus tuairisciú

Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo na spriocanna straitéiseacha, na torthaí agus na spriocanna a threoróidh obair na Comhairle i dtréimhse 2012 - 2015 na Comhairle. Déanfar monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn agus tuairisceofar é i dtuairiscí chuig an gComhairle, trí thuarascálacha bliantúla a fhoilseofar agus tríd an ráiteas bliantúil aschuir.

Cuid lárnach is ea ullmhú agus feidhmiú an phlean bhliantúil ghnó agus feidhmiú an Chórais Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) den treorú agus den mhonatóireacht a dhéantar ar dhul chun cinn ar leibhéal na heagraíochta agus ar an leibhéal aonair.

Cuirfear tuarascálacha agus léirithe ar dhul chun cinn i réimsí éagsúla oibre faoi bhráid na Comhairle le linn thréimhse na straitéise. Foilseofar tuarascáil bhliantúil ina dtuairisceofar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh fheidhmiú na straitéise.

Comhaontófar Meabhrán Tuisceana leis an Roinn Oideachais agus Scileanna a sholáthróidh creat chun tuairisciú don Roinn agus a chuirfidh le soiléire maidir le róil agus freagrachtaí.

Seolann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchtaí ar fháltais agus ar chaiteachas agus ar nósanna imeachta agus ar chleachtais. Foilsítear torthaí na n-iniúchtaí sin i dTuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

© NCCA 2012

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

**www.ncca.ie**